# Acmhainní don Dara hÁbhar Teagaisc 2019 / 2020

Tá an FGL ar líne seo curtha ar fáil i seisiúin / i bhfísghabhálacha ar leith (a chuirtear in iúl leis an litir '**S**'). Ní hionann an méid seisiún atá ann ó ábhar go hábhar.

| Ábhar | Cur síos ar ábhar na seisiún | Acmhainní le priontáil nó le híoslódáil chun dul i mbun an FGL | Modh craolta | Am a theastódh (go garbh) chun dul i mbun an FGL |
|---|---|---|---|---|
| **Oideachas Reiligiúnach** | **S1:** Machnamh a dhéanamh ar ár dtaithí ar oibriú le sonraíocht an Oideachais Reiligiúnaigh go dtí seo<br>**S2:** Tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann le hintinní foghlama agus critéir ratha maidir le teagasc, foghlaim agus measúnú cuimsitheach san Oideachas Reiligiúnach agus fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a gcabhraíonn measúnú foirmitheach agus aiseolas foirmitheach le foghlaim na scoláirí i seomra ranga an Oideachais Reiligiúnaigh<br>**S3:** Iniúchadh a dhéanamh ar na Treoirlínte Measúnaithe don Oideachas Reiligiúnach<br>**S4:** A aithint conas is féidir linn cabhrú le forbairt incriminteach foghlama na scoláirí i Seomra Ranga an Oideachais Reiligiúnaigh agus gnéithe den cheistiú éifeachtach a aithint i seomra ranga an Oideachais Reiligiúnaigh. | Leabhrán ceardlainne FGL: D'fhéadfaí an leabhrán FGL a phriontáil más mian le múinteoirí é a úsáid mar chóip chrua. | Fad na bhfísghabhálacha scáileáin mar seo a leanas:<br>**S1:** 14:34<br>**S2:** 32:14<br>**S3:** 15:58<br>**S4:** 17:29<br><br>Tá nóiméid i rith gach físghabháil scáileáin a thugann an t-am leis an bhfísghabháil scáileáin a chur ar sos, machnamh a dhéanamh agus tabhairt faoi na gníomhaíochtaí sa leabhrán. | Braitheann sé ar cé acu atá múinteoirí á ndéanamh ina n-aonar nó mar roinn. Go leor machnamh roinne agus pleanáil le haghaidh ócáidí foghlama, dearadh gach seisiún le freastal ar thréimhse ranga 40 nóiméad. |